Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2467

8.12.2025

**CINNEADH (AE) 2025/2467 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 1 Nollaig 2025**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialacha Airgeadais agus na Nósanna Imeachta Iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh de bhun Chinneadh Uimh. 2022/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair, a leasú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair [1] ('an Conradh') a fhormheas thar ceann an Aontais trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle [2]. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) Cuireadh ar bun Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair arna bhunú leis an gConradh ('an Coiste Stiúrtha') chun riar agus cur chun feidhme cuí an Chonartha a áirithiú.

(3) De bhun Airteagal 30 den Chonradh, tá an Coiste Stiúrtha inniúil chun rialacha Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair ('an Bhuan-Rúnaíocht') a leagan síos. Faoi Airteagal 35 den Chonradh, tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha buiséad an Chomhphobail Iompair agus na rialacha rialaithe airgeadais gaolmhara a ghlacadh.

(4) Le linn an chruinnithe atá le bheith aige an 4 Nollaig 2025, tá an Coiste Stiúrtha le cinneadh a ghlacadh lena leasófar na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBuan-Rúnaíocht nuair atá earraí, oibreacha nó seirbhísí á soláthar aici ar a cuntas féin, mar a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialacha Airgeadais agus na Nósanna Imeachta Iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh de bhun Chinneadh Uimh. 2022/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair an 15 Nollaig 2022 maidir leis an nós imeachta athbhreithnithe is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair chun an buiséad a chur chun feidhme agus chun cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh ('Cinneadh Uimh. 2022/02 ón gCoiste Stiúrtha').

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha a bhunú ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag cinneadh an Choiste sin.

(6) Ba cheart don Aontas tacú le glacadh an Dréachtchinnidh atá i gceangal leis an gCinneadh seo, toisc go simpleoidh sé na rialacha atá ann faoi láthair lena rialaítear soláthar earraí agus seirbhísí simplí agus íseal-luacha ag an mBuan-Rúnaíocht, rud atá riachtanach le haghaidh fheidhmiú cuí leanúnach na Buan-Rúnaíochta.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sa Choiste Stiúrtha a bheith bunaithe ar an Dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair arna bhunú leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ('an Coiste Stiúrtha') a mhéid a bhaineann leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialacha Airgeadais agus na Nósanna Imeachta Iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh de bhun Chinneadh Uimh. 2022/02 ón gCoiste Stiúrtha, a leasú, beidh an seasamh sin bunaithe ar an Dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

(1) IO L 278, 27.10.2017, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2017/1937/oj.
(2) Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/392/oj).

*Airteagal 2*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Stiúrtha teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Nollaig 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. 2025/… Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR**

**an …**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialacha Airgeadais agus na Nósanna Imeachta Iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh de bhun Chinneadh Uimh. 2022/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair**

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ([1]), agus go háirithe Airteagal 24(1) agus Airteagal 35 de,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 2022/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair an 15 Nollaig 2022 maidir leis an nós imeachta athbhreithnithe is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair chun an buiséad a chur chun feidhme agus chun cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) San Iarscríbhinn atá ann cheana a ghabhann leis na Rialacha Airgeadais agus na Nósanna Imeachta Iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh de bhun Chinneadh Uimh. 2022/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair, ní thugtar aghaidh go sainráite ar chásanna ina bhfuil forálacha ábhartha maidir le soláthar earraí, oibreacha nó seirbhísí in easnamh nó neamhshonraithe.

(2) Leis na nósanna imeachta soláthair le haghaidh earraí agus seirbhísí simplí agus íseal-luacha áirithe, tá gá le creat níos simplí agus níos éifeachtúla chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú.

(3) Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an gcreat soláthair chun gur féidir nósanna imeachta soláthair faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a fhorghníomhú ar bhealach níos rianúla, agus iomaíochas, trédhearcacht agus cóir chomhionann sa phróiseas soláthair á n-áirithiú an tráth céanna,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An Iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialacha Airgeadais agus na Nósanna Imeachta Iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh de bhun Chinneadh Uimh. 2022/02 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair, leasaítear í mar a leanas:

(1) i Roinn 3, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘4.2. Nós imeachta soláthair simplithe le haghaidh earraí agus seirbhísí íseal-luacha

Chun gnáthsheirbhísí agus gnáthsholáthairtí simplí, díreacha a sholáthar, lena n-áirítear fruiliú ionaid, seirbhísí bialainne, aistriúchán, trealamh a fháil ar cíos agus ceannach earraí, ach gan bheith teoranta dóibh sin, i gcás inar féidir méid beacht agus uainiú beacht seachadta a shainiú ag an tús agus i gcás nach mó ná EUR 20 000 (gan CBL a áireamh) an luach iomlán measta, beidh feidhm ag nós imeachta soláthair simplithe.

Is é an méid seo a leanas a bheidh sa nós imeachta sin:

(a) trí thairiscint ar a laghad a bhailiú ó sholáthraithe incháilithe;

(b) meastóireacht a dhéanamh ar na tairiscintí ar bhonn príomhthosca, amhail an praghas agus an cumas na seirbhísí nó na soláthairtí a sholáthar;

([1]) IO AE L 278, 27.10.2017, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2017/1937/oj.

(c) an conradh a dhámhachtain agus é a thabhairt chun críche trí ordú ceannaigh nó trí chonradh díreach simplithe.

Leis an nós imeachta simplithe sin, áiritheofar comhairliúchán cuí margaidh, agus laghdófar an t-ualach riaracháin an tráth céanna. Coinneofar taifead ar na tairiscintí a bailíodh agus ar an bpróiseas meastóireachta chun rian iniúchóireachta cuí a cheadú agus trédhearcacht an phróisis a áirithiú.';

(2) cuirtear an roinn seo a leanas léi:

'5. Roinn 4

5.1. I gcásanna nach bhfuil forálacha sainráite san Iarscríbhinn seo, beidh feidhm ag na rialacha agus na prionsabail a leagtar síos i dTreoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE [2], maille leis na hoiriúnuithe is gá.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, an … 2025

*Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh*

*An tUachtarán*

(2) IO AE L 94, 28.3.2014, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj.